and the . . . on his back.

ocus tegaid rompó a n-agaid rígh Laighen

Ansin tháinig siad ar aghaidh go dtí Brandubh.

And they go onward before the king of  
Leinster,

ocus ferais fáilti re Tibraide ocus tic póc dó

Chuir seisean fáilte roimh Thriobraide agus  
thug póg dó.

who welcomed Tibraide and gave him a kiss,

ocus “is fada ó nach faca tu, a Tibraide,” ar an  
rígh,

“Is fada nach bhfacamar thú, a Thiobraide,” ar  
sé,

and “ ’Tis long that I have not seen thee, O  
Tibraide,” he said,

“ocus déna soiscél dúind

agusanois léigh soiscéal dúinn

“and read the gospel to us

ocus innsaigh romhaind coruig an dúnadh.

agus téigh romhainn go dtí an dún.

and proceed before us to the fortress.

Ocus éirgidh Ceibhín Cohlach gilla mo  
charbaid-si let

ocus atá an ríghan ben rígh Uladh and  
ocus dob' áil le a fáisidin do dhénamh duit."

Ocus an oiread ro bí Mongán ag rádha a  
shoiscéla,

aderedh Mac an Daimh "amén, amén."

Adubradar na slúaigh ní fhacadar ríamh  
cairneach

ac nach bíadh [acht] énfhocal ach[t] an  
cléirech út,

úair nocha n-abair do léighind ach[t] "amén."

Téadh Ceibhín Cohlach, mo ghiolla carbaid,  
leat.

Tá an ríon, bean rí Uladh, ann  
agus ba mhaith léi a faoistin a dhéanamh  
duit."

Agus an fhaid a bhí Mongán ag rá a shoiscéil  
deireadh Mac an Daimh "Amén, Amén."

Dúirt an slua nach bhfacadar riamh sagart  
nach mbeadh ach focal amháin aige ach an  
cléireach úd,

mar nach n-abradh sé de léann ach "Amén."

And let Ceibhin Cohlach, the attendant of my  
chariot, go with thee.

And the queen, the wife of the king of Ulster,  
is there  
and would like to confess to thee."

And while Mongan was reading the gospel,  
Mac an Daimh would say "Amen, amen."

The hosts said they had never seen a priest  
who had but one word except that cleric;  
for he said nothing but "amen."

## Section 16

Ocus tainig Mongán roimhe

co dorus an dúnaidh aroibhe Dubh-Lacha

ocus aithnigis Dubh-Lacha hé.

Ocus adubert Mac an Daimh: “Fágaidh uili an tech,

co n-derna an ríghan a fáisidin.”

Ocus an ben breatha nó dhalta do fhóbradh tré dhánacht anadh ann.

Do íadhadh Mac an Daimh a lámha tairsi

ocus docuiredh amach hí

ocus aderedh nach biadh a fharradh na ríghna

ach[t] an bean táinic le féin.

Ocus dúnais an gríanán ana n-diaidh

ocus cuiris an comhla gloinidhe ris

ocus osgla[i]s a fhuindeog glaine

Tháinig Mongán \*roimhe\* ansin

go doras an dúin a raibh Dubh Locha

agus d'aithin sise é.

Labhair Mac an Daimh. “Fágaigí uilig an teach

go ndéana an ríon a faoistin.”

Bhí an bhean chabhartha ag iarraidh tré dhánacht fanacht ann,

ach d'iaigh Mac an Daimh a lámha thart uirthi

agus chuir amach í,

ag rá nach mbeadh i bhfarradh na ríona

ach an bhean a tháinig léi.

Dhún sé an grianán ina ndiaidh

agus chuir an chomhla ghloiní leis

agus d'oscail an fhuinneog ghloine

And Mongan went onward

to the front of the fortress in which Dubh-Lacha was.

And she recognised him.

And Mac an Daimh said: “Leave the house all of ye,

so that the queen may make her confession.”

And her nurse or foster sister ventured out of boldness to stay there.

Mac an Daimh closed his arms around her

and put her out,

and said that no one should be with the queen except the woman that had come with her.

And he closed the bower after them

and put the glazen door to it,

and opened the window of glass.

ocus tócbhais a ben féin isin leabaidh leis.

Ní tusca ná ruc Mongán Duibh-Lacha leis

ocus suidhis Mongán ar a gúalaind

ocus toirbiris teora póc dí

ocus beris lais annsa leabaidh hí

ocus doní toil a menman ocus a aigeanta ria.

Ocus an tráth tairnic sin do dénam,

do labair cailleach coiméta na sét ro bí isin chuíl,

oir ní thucadar da n-úidh hí conuige sin.

Ocus do léigistar Mongán lúathanál  
dráidheachta fuithi,

co narbo léir dí ní dha fhacaigh sí roimhe.

“Trúagh sin,” ar an chailleach

“ná ben neam dím, a næmcléirigh,

agus thóg a bhean féin isteach sa leaba leis.

Ní túisce ná rug Mongán Dubh Locha leis

agus shuigh lena gualainn.

Thug sé trí phóg di

agus thóg leis sa leaba í

agus rinne toil a mheanman agus a aigne léi.

Agus ina dhiaidh sin

labhair cailleach choimeádta na séad a bhí sa chúinne,

ach nár airigh siad ann go dtí sin.

Lig Mongán luath-anáil draíochta fúithi

ar chaoi nár léir di éinní dá bhfaca sí roimhe.

“Trua sin,” ar an chailleach,

“ná bain neamh díom, a naomh-chléirigh,

And he lifted his own wife into bed with him,

but no sooner than Mongan had taken Dubh-Lacha with him.

And Mongan sat down by her shoulder

and gave her three kisses,

and carried her into bed with him,

and had his will and pleasure of her.

And when that had been done,

the hag who guarded the jewels, who was in the corner, began to speak;

for they had not noticed her until then.

And Mongan sent a swift magical breath at her,

so that what she had seen was no longer clear to her.

“That is sad,” said the hag,

“do not rob me of Heaven, O holy cleric.

oir is écoir an smúaineadh dorindius  
ocus gabh aithrighe úaim,

oir taidhbhsí bréige tadhbás damh  
ocus rográdh mo dhalta agum.”

“Druit chugam, a chailleach,” ar Mongán,  
“ocus déna t’fháisidin damh.”

Éirgis an chailleach  
ocus delbais Mongán bir chúaille isin catháir  
ocus tuitis an chailleach uman cúaille co fúair  
bás.

“Bennacht fort, a Mhongáin,” ar an ríghan,  
“as maith tarlla dúind an chailleach do  
marbudh,  
oir do inneósad beith mur do bhámair.”

mar is éagóir an smaoineamh a rinne mé.

Glac aithrí uaim,  
mar is taibhse bhréige a taibhsíodh dom,  
agus ró-ghrá mo dhalta agam.”

“Gabh i leith, a chailleach,  
agus déan d’fhaostin dom.”

D’éirigh an chailleach  
agus chuir Mongán bior sa chathaoir,  
agus thit sise ar an bhior go bhfuair bás.

“Beannacht ort, a Mhongáin,” ar an ríon,  
“is maith gur tharla dúinn an chailleach a  
mharú,  
óir d’inseodh sí sinn bheith mar a bhíomar.”

For the thought that I have uttered is wrong,  
and accept my repentance,  
for a lying vision has appeared to me,  
and I dearly love my foster-child.”

“Come hither to me, hag,” said Mongan,  
“and confess to me.”

The hag arose,  
and Mongan shaped a sharp spike in the chair,  
and the hag fell upon the spike, and found  
death.

“A blessing on thee, O Mongan,” said the  
queen,  
“it is a good thing for us to have killed the  
woman,  
for she would have told what we have done.”

## Section 17

Ocus do chúaladar íar sin an dorus ag a bhúaladh

ocus is é ro bí ann Tibraide

ocus trí nónbhair maræn ris.

“Ní fhacamair ríamh,” ar na doirrseoraidhe,  
“bliadhain budh lia Tibraide ’nan bliadhain so.

Tibraide astigh agaibh ocus Tibraide  
amuigh.”

“Is fir sin,” ar sé Mongán,

“Mongán táinic am’ richt-sa

ocus éirgid amach,” ar sé, “ocus dobeirim-si  
lóghadh dáibh

ocus marbtar na cléirigh út,

úair aes grádha Mongáin [iat]

arna cur a richtaibh cléirech.”

Ina dhiайдh sin chualadar an doras á bhualadh.

Tiobraide a bhí ann

agus trí naonúir leis.

“Ní fhacamar riamh,” ar na doirseoírí,  
“bliain ba lia Tiobraide ná an bhliain seo.

Tiobraide istigh agaibh agus Tiobraide  
amuigh.”

“Is fior sin,” ar Mongán,

“is é Mongán a tháinig i mo riochta.

Amach libh agus bhéarfaidh mé loghadh díbh

ach na cléirigh úd a mharú,

óir is aos grá Mhongáin iad

curtha i riochta cléireach.”

Then they heard a knocking at the door,

and ’tis he that was there, even Tibraide,

and three times nine men with him.

The doorkeepers said: “We never saw  
a year in which Tibraides were more plentiful  
than this year.

Ye have a Tibraide within and a Tibraide  
without.”

“ ’Tis true,” said Mongan.

“Mongan has come in my shape.

Come out,” said he, “and I will reward you,

and let yonder clerics be killed,

for they are noblemen of Mongan’s

that have been put into the shape of clerics.”

Ocus do éirgidar an teglach amach

ocus do marbhadar na cléirigh

ocus do thoitidar da nónbhar leó díbh

ocus tarrla ríg Laighen dóibh

ocus do fhiarfaigh díbh créd an seól ara  
rabhadar.

“Mongán,” ar síat, “ar toidhecht a richt  
Tibraide

ocus atá Tibraide isin bhaile.”

Do léic rígh Laighen fuithibh

ocus tarthaigh Tibraide tempall Cille Camáin

ocus ní deachaid duine don nónbhar aile gan  
gortugud.

Chuaigh an teaghlaich amach

agus mharaigh siad na cléirigh

agus thit dhá naonúr acu leo.

Tharla rí Laighean dóibh

agus d’fhiarfaigh sé cad a bhí ar siúl acu.

“Mongán,” ar siad, “atá i ndiaidh teacht i  
riocht Tiobraide

agus tá Tiobraide sa bhaile.”

Thug an rí fúthu

agus bhain Tiobraide Teampall Chill Chamáin  
amach

agus ní dheachaigh éinne den naonúr eile gan  
ghortú.

And the men of the household came out

and killed the clerics,

and twice nine of them fell.

And the king of Leinster came to them

and asked them what course they were on.

“Mongan,” said they, “has come in Tibraide’s  
shape,

and Tibraide is in the place.”

And the king of Leinster charged them,

and Tibraide reached the church of Cell  
Chamain,

and none of the remaining nine escaped  
without a wound.

## Section 18

Ocus táinic rígh Laighen dia thigh  
ocus do im[th]igh Mongán íar sin  
ocus do fhiarfaig rígh Laighen:  
“Cait a fhuil Tibraide?” ar sé.

“Ní hé Tibraide do bí ann,” ar an inghean,

“ach[t] Mongán, oir do chloisfea-sa é.”

“An robhai-si ag Mongán, a inghen?” ar sé.

“Do bhadhús,” ar ísi, “úair as ferr cert oram.”

“Curt[h]ar fis úaind ar cend Tibraide!” ar rígh  
Laighen,

“oir mur aith tarlla dúinn a mhuindtir do  
marbadh.”

Ocus tucadh Tibraide cuca

ocus do im[th]igh Mongán dia thigh

Tháinig Brandubh abhaile  
agus d'imigh Mongán ina dhiaidh sin,  
agus d'fhiarfraig an rí,  
“Cá háit a bhuil Tiobraide?”

“Ní hé Tiobraide a bhí ann,” ar an iníon,

“ach Mongán, óir chloisfeá ar aon nós é.”

“An raibh tusa le Mongán, a iníon?” ar sé.

“Bhí mé,” ar sí, “óir tá an ceart is fearr aige  
orm.”

“Cuir fios uainn ar Thiobraide!” ar Brandubh,

“óir is olc gur tharla dúinn a mhuintir a  
mharú.”

Tugadh Tiobraide chucu ansin.

Maidir le Mongán, d'imigh sé abhaile

And the king of Leinster came to his house,  
and then Mongan departed.

And the king asked:

“Where is Tibraide?” saith he.

“It was not Tibraide that was here,” said the  
woman,

“but Mongan, since you will hear it.”

“Were you with Mongan, girl?” said he.

“I was,” said she, “for he has the greatest  
claim on me.”

“Send for Tibraide!” said the king,

“for . . . we have chanced to kill his people.”

And Tibraide was brought to them,  
and Mongan went home

ocus do bí co cend ráithe gan teacht arís

ocus do bí a sirg galair risin ré sin.

agus bhí go ceann ráithe gan teacht arís

agus bhí i seirg ghalair ar feadh an ama sin.

and did not come again until the end of a quarter,

and during that time he was in a wasting sickness.

## Section 19

Ocus táinic Mac an Daimh cugi ocus adubert ris:

“As fada damh-sa,” ar sé,

“mo ben do beth am’ écmais tré obhlóir mar thusa,

ó nach dernus ‘cairdis gan éra’ re hóclach rígh Laighen.”

“Eirigh-si damh-sa,” ol Mongán,

“d’ fhis scél co Ráith Deiscirt m-Bregh

mar a fhuil Dubh-Lacha Láimghel,

oir ní inshuibhail mhsisi.”

As a haithle sin adubairt Dubh-Lacha:

Sa deireadh tháinig Mac an Daimh chuige agus dúirt leis,

“Is fada domsa,” ar sé,

“mo bhean bheith im éagmais trí amhlóir mar thusa,

nuair nach ndearna mise ‘cairdeas gan éaradh’ le hóglach rí Laighean.”

“Téigh ar mo shonsa,” ar Mongán,

“ag lorg sceál go dtí Ráith Deiscirt Bhreá

mar a bhfuil Dubh Locha Láimhgheal,

óir ní inniúil mise.”

Is é dúirt Dubh Locha ansin,

And Mac an Daimh came to him and said to him:

“ ’Tis wearisome to me,” said he,

“to be without my wife through a clown like myself (*recte* yourself),

since I have not made ‘friendship without refusal’ with the king of Leinster’s attendant.”

“Go thou for me,” said Mongan,

“to get news to Ráith Descirt of Bregia,

where Dubh-Lacha of the White Hand is,

for I am not myself able to go.”

Thereafter Dubh-Lacha said:

“Ticedh Mongán cucam,” ar sí,

“ocus atá rígh Laighen ar særchúairt Laighen

ocus atá Ceibhín Cohlach gilla carbaid an  
rígh am’ fharradh-sa ocus bíth ag a rádha riúm  
élofh do dénam

ocus co ticfadh féin leam

ocus is écrúaidh a n-dénann Mongán,” ar sí.

Ocus dochúaidh mac an Doimh do gresadh  
Mongáin.

“Go dtaga Mongán chugam,” ar sí.

“Tá rí Laighean ar saorchúairt Laighean

agus bíonn Ceibhín Cohlach, giolla carbaid  
an rí atá im’ fharradh, ag rá liom éalú a  
dhéanamh

is go dtiocfadh sé féin liom,

ach is cloíte a ndéanann Mongán,” ar sí.

Chuaigh Mac an Daimh ansin chun Mongán a  
ghríosadh.

“Let Mongan come to me,” said she,

“for the king of Leinster is on a journey  
around Leinster,

and Ceibhin Cohlach, the attendant of the  
king’s chariot, is with me and keeps telling me  
to escape,

and that he himself would come with me.

And Mongan behaves in a weak manner,” said  
she.

And Mac an Daimh went to incite Mongan.

## Section 20

Iar sin do glúais Mongán roime co Ráith  
Deiscirt m-Bregh

ocus do shuidh ar gúalaind na hingine

ocus tucadh fi[dh]chill órdhaidhe cuca

ocus do bhátar ag a himirt

Ina dhiaidh sin ghluais Mongán roimhe go  
Ráith Deiscirt Bhreá

agus shuigh le gualainn na hiníne.

Tugadh fichill órtha chucu

agus thosnaíodar ag imirt.

Thereupon Mongan set out to Raith Descirt of  
Bregia,

and he sat down at the shoulder of the girl,

and a gilded chess-board was brought to them,

and they played.

ocus do léig Dubh-Lacha a cíche re Mongán

ocus mar do dicercair Mongán forra,  
atcon[n]airc na cíche móra ocus íat mæthgel

ocus an medhón seng solusgheal  
ocus táinic ailges na hinghine dó  
ocus do airigh Dubh-Lacha sin.

Is ann sin do gairistair rígh Laighen cona  
shlúagaibh fon dúnadh

ocus do hoslaiged an dúnad roimhe  
ocus do fhiarfaig rígh Laighen don ingin,  
an é Mongán ro bí astigh.

Do ráidh sí corbé.

“Dob áil lem-sa athchuinghi d’[f]hághbail  
úait-si, a ingen,”

ar rí Laighen.

Nocht Dubh Locha a cíocha do Mhongán

agus nuair a dhearc sé orthu,  
chonaic sé na cíocha móra maothgheala

agus an meán seang solas-gheal  
agus tháinig áilíos na hiníne air  
agus d’airigh Dubh Locha sin.

Is ansin a tháinig Brandubh gona shluaite i  
ngar don dún.

Oscaíodh an dún \*roimhe\*  
agus d’fhiarfraig an rí den iníon  
arbh é Mongán a bhí istigh.

Dúirt sí gurbh é.

“B’áil liomsa achainí a fháil uait, \*a iníon,\*”  
ar seisean ansin.

And Dubh-Lacha bared her breasts to  
Mongan,

and as he looked upon them,  
he beheld the great paps, which were soft and  
white,  
and the middle small and shining-white.

And desire of the girl came upon him.  
And Dubh-Lacha observed it.

Just then the king of Leinster with his hosts  
was drawing near the fortress,

and the fortress was opened before him.  
And the king of Leinster asked of the girl  
whether Mongan had been in the house.

She said he had been.

“I wish to obtain a request of thee, girl,”  
said the king of Leinster.

“Dogébthar.

A n-écmais do beith agum co tí an bliadhain,

ní fhuil agum athchuinghi iarfás tú, nach  
tiubér duit hí.”

“Mased,” arsin rígh,

“da m-bé menma Mongáin meic Fiachna agad,  
a hindisin dam-sa,

oir an tan glúaisis Mongán,

bíaidh a menma agat-sa.”

“Gheofar í.

In éagmais tú bheith agam go ceann bliana,

níl agam achainí a iarrfaidh tú nach  
dtabharfaidh mé duit.”

“Más ea,” arsa an rí,

“dá mbeadh mian Mongáin ort, é sin a inis  
dom,

óir an uair a ghluaiseann Mongán

beidh a mhian ort.”

“It shall be granted.

Except thy being with me till the year is  
ended,

there is nothing that thou mayst ask which I  
will not grant thee.”

“If that be so,” said the king,

“tell me when thou longest for Mongan son of  
Fiachna;

for when Mongan has gone,

thou wilt long for him.”

## Section 21

Táinic Mongán a cinn ráithi

ocus do bí a menma fuirri-si

ocus do bhátar slúaigh an bhaile uile ann an  
tráth sin.

Iar sin táncatar slúaigh an bhaile amach

I gceann ráithe tháinig Mongán

agus bhí mian aici siúd air.

Bhí sluaite an bhaile uilig ann an tráth sin.

I gceann scaithimh tháinig sluaite an bhaile  
amach

At the end of a quarter Mongan returned,

and he was longing for her;

and all the hosts of the place were there at the  
time.

Then the hosts of the place came out,

ocus do impó Mongán ón dúnad

agus thiontaigh Mongán ón dún

and Mongan turned back from the fortress

ocus táinig dia thigh

agus thíainig abhaile.

and went home.

ocus do bí an ráithi sin a sirc shírghalair

Mhair sé an ráithe sin i seirg síor-ghalair.

And that quarter he was in a wasting sickness.

ocus ro thimsaighedair maithi Uladh a n-éninadh

Fá dheireadh thiomsaigh maithe Uladh in aon-ionad

And the nobles of Ulster assembled into one place

ocus targadar do Mhongán toidheacht lais do thabairt chatha fo chend a mná.

agus thairg siad do Mhongán teacht leis chun cath a thabhairt ar son a mhná.

and offered Mongan to go with him to make battle for the sake of his wife.

“Is bríathar dam-sa,” ol Mongán,

“Dar mo bhriathar,” ar Mongán,

“By my word,” said Mongan,

“an ben rucadh úaim-si trém’ ainghlicus féin,

“an bhean a rugadh uaimse trí mo ainghliceas féin,

“the woman that has been taken from me through my own folly,

nach tuitfe mac mná ná fer d’Ulltachaibh impe

ní thitfidh mac mná ná fear d’Ultaigh \*uimpi\*

no woman’s son of the men of Ulster shall fall for her sake

ag a tabairt amach,

á tabhairt amach,

in bringing her out,

noga tucar-sa féin lem trém’ glicus hí.”

nó go dtugaim féin liom trí mo ghliceas í.”

until, through my own craftiness, I myself bring her with me.”

## Section 22

Ocus táinic an bliadhan fasin

ocus do glúais Mongán ocus Mac an Daim  
rompo co tech rígh Laighen.

Is ann sin do bátar maithi Laighen a[g] teacht  
isin m-baili

ocus fledh mhór fa chomhair fheisi Duibhi-  
Lacha

ocus do geall a tabairt

ocus táncatar ar an faith[ch]i amuich.

“A Mhongan,” ar Mac an Daim,

“ca richt a rachum?”

Ocus mar do bádar ann, do chíd cailleach an  
mhuilind i. Cuimne

ocus fa garm[n]ach caillighe móire ísein

ocus madra mór ar nasc aice

D’imigh an bhliain mar sin

agus ghluais Mongán agus Mac an Daimh  
rompu go teach rí Laighean.

Is ansin a bhí maithe Laighean ag teacht sa  
bhaile

agus fleadh mhór á hullmhú faoi chomhair  
feise Dhubb Locha.

Gheall Mongán go mbéarfadh sé leis í

agus tháinig siad go dtí an fhaiche taobh  
amuigh den dún.

“A Mhongáin,” ar Mac an Daimh,

“cén riocht ina rachaidh muid?”

Agus mar a bhíodar ann chonaiceadar  
Cuimhne, cailleach an mhuiinn.

Bhí airde garman inti

agus bhí madra mór

\*a raibh Brothar mar ainm air\*

And in that way the year passed by,

and Mongan and Mac an Daimh set out to the  
king of Leinster’s house.

There were the nobles of Leinster going into  
the place,

and a great feast was being prepared towards  
the marriage of Dubh-Lacha.

And he vowed he would marry her.

And they came to the green outside.

“O Mongan,” said Mac an Daimh,

“in what shape shall we go?”

And as they were there, they see the hag of the  
mill, to wit, Cuimne.

And she was a hag as tall as a weaver’s beam,

and a large chain-dog with her

	ar nasc aici	
	*is sealán faoina bhráid*	
ocus é ag lighe cloch an mhuilind	agus é ag lí chloch an mhuilinn.	licking the mill-stones,
ocus [s]elan gadraigh fo bráight		with a twisted rope around his neck,
ocus Brothar a ainm.		and Brothar was his name.
Ocus do chonncadar gerrán banmaircech	Chonaiceadar fosta gearrán bán-mhairceach	And they saw a hack mare
ocus sensrathar fair	agus sean-srathair air	with an old pack-saddle upon her,
neoch do bí a[g] tarrang arbha ocus mhine ó muilenn.	a bhí ag tarraigts arbhair agus mine ón mhuiileann.	carrying corn and flour from the mill.

## Section 23

Ocus mar do chonnaic Mongán íat,	Nuair a chonaic Mongán iad	And when Mongan saw them,
adbert re Mac an Daimh:	labhair sé le Mach an Daimh:	he said to Mac an Daimh:
“Atá agum richt a racham,” ar sé,	“Tá agam an riocht ina rachaidh muid,” ar sé,	“I have the shape in which we will go,” said he,
“ocus da m-bé a n-dán dam-sa mo ben co. . . . d’fhagháil,	“agus má tá i ndán dom mo bhean a fháil	“and if I am destined ever to obtain my wife,

do gébh don cur sa hí.”

“Cubhaidh ritt, a deg[fh]laith.”

“Ocus tarra, a Mhic an Daimh,

ocus gairm Cuimne an mhuilind dam amach  
dom’ agallaim.”

“Atát tri fichit bliadhan,

ór nár íar duine mé da agallaim,”

ocus tainic amach ocus do len an madra hí,

ocus [ó] adchonnaic Mongán cuge íat,

do memhaidh a gean gáire fair ocus adubert  
fria:

“Da n-dernta mo chomairle,

do chuirfind a richt ingine óigi tú

ocus do betha ad’ mnái agum féin

nó ag rígh Laighen.”

“Dorghén co deimhin,” ar Cuimne.

gheobhaidh mé don chor seo í.”

“Sin mar is cóir duit, a dhea-fhlaithe.”

“Imigh leat, a Mhic an Daimh,

agus gairm Cuimhne an mhuilinn amach chun  
cainte liom.”

“Tá trí fichid blian ann,” ar sise,

“ó d’iarr éinne chun cainte mé,”

agus tháinig sí amach is lean an madra í.

Nuair a chonaic Mongán chuige iad,

mhaígh a ghean gáire air is dúirt sé léi:

“Dá ndéanfá mo chomhairle,

chuirfinn i rocht chailín óig thú

agus bheifeá i do bhean agam féin

nó ag rí Laighean.”

“Déanfaidh mé go deimhin,” ar Cuimhne.

I shall do so this time.”

“That becomes thee, O noble prince,” [said Mac an Daimh].

“And come, O Mac an Daimh,

and call Cuimne of the mill out to me to  
converse with me.”

“It is three score years” [said Cuimne]

“since any one has asked me to converse with  
him.”

And she came out, the dog following her,

and when Mongan saw them,

he laughed and said to her:

“If thou wouldst take my advice,

I would put thee into the shape of a young girl,

and thou shouldst be as a wife with me

or with the King of Leinster.”

“I will do that certainly,” said Cuimne.

Ocus tuc buille dont shlait dráidheachta  
don mhadra

co n-derna mesán mingeal is áille do bí 'sa  
bith de

ocus slabradh airgit 'ma brághait

ocus cluigín óir air,

co d-toillfedh ar boiss duine

ocus tuc buille don chailligh

co n-derna ingin ó[i]c dob fherr delbh ocus  
dénamh d'inginaibh an betha di

.i. Ibhell Grúadhsholus inghin rígh Mumhan.

Ocus dochúaidh féin a richt Aedha meic rígh  
Con[n]acht

ocus do chur Mac an Daimh a richt a ghilla

ocus dorinde falafroigh glégeal ocus folt  
corcra uirre

I bhfaiteadh na súl thug sé buille den tsalt  
draíochta don mhadra

go ndearna measán mín-gheal ar áilleacht an  
domhain de

is slabhra airgid faoina bhráid

a raibh cloigín óir air.

Bheadh a sháith fairsinge aige ar bhois duine.

Ansin thug sé buille don chailleach

go ndearna di an ainnir óg ab fhearr dealbh is  
déanamh d'iníona na beatha,

mar a bhí Ibheall Grua-Sholas, iníon rí  
Mhumhan.

Chuaigh sé féin i rocht Aodha, mac rí  
Chonnacht,

agus chuir Mac an Daimh i rocht a ghiolla.

Ansin chruthaigh sé falaire glégeal is folt  
corcra uirthi

And with the magic wand he gave a stroke to  
the dog,

which became a sleek white lap-dog, the  
fairest that was in the world,

with a silver chain around its neck

and a little bell of gold on it,

so that it would have fitted into the palm of a  
man.

And he gave a stroke to the hag,

who became a young girl, the fairest of form  
and make of the daughters of the world,

to wit, Ibhell of the Shining Cheeks, daughter  
of the king of Munster.

And he himself assumed the shape of Aedh,  
son of the king of Connacht,

and Mac an Daimh he put into the shape of his  
attendant.

And he made a shining-white palfrey with  
crimson hair,

ocus doroine díallait órdha co n-ilbreacaibh óir  
ocus leg loghmar dont shrathar.

Ocus tucadar dá chapall ele a rícht each futha

ocus táncatar fon samhail sin 'cum an dúnaid.

agus rinne díallait órtha faoi ilbhreaca óir is  
liag luachmhar den tsrathar.

Chuireadar freisin dhá chapall eile fúthu,

agus sin mar a tháinig siad chuig an dúin.

and of the pack-saddle he made a gilded  
saddle with variegated gold and precious  
stones.

And they mounted two other mares in the  
shape of steeds,

and in that way they reached the fortress.

## Section 24

Ocus dercaighdar na doirseoiri

ocus adubradar re rígh Laighen

curbhé Aedh Alaind

mac rígh Con[n]acht

ocus a ghilla

ocus a ben .i. Ibheall Grúadhsholus

ingin rí[gh] Muman

ar ec[h]tar ocus ar innarba a Con[n]achtaibh

ar comairce rígh Laighen tángatar

Bhreathnaigh na doirseoirí iad

agus dúirt le Brandubh

gurbh é Aodh Álainn

mac rí Chonnacht é

is a ghiolla

is a bhean, Ibheall Grua-Sholas,

iníon rí Mhumhan,

ar loingeas agus ar ionnarba as Connachta,

agus ó tharla gur ar choimirce rí Laighean a  
thángadar

And the door-keepers saw them

and told the king of Leinster

that it was Aed the Beautiful,

son of the king of Connacht,

and his attendant,

and his wife Ibhell of the Shining Cheek,

daughter of the king of Munster,

exiled and banished from Connacht,

that had come under the protection of the king  
of Leinster,

ocus nirbh áil leis teacht slúagh ná sochraide  
budh mhó.

Ocus dorinde an doirseoir an uigill

ocus táinic an rí ana n-aighidh

ocus ro fher fáilti friu

ocus do gairm rí Laighen mac rí[gh]  
Con[n]acht ar a ghúalaind.

“Ní hé sin as bés againd,” ar mac rí[gh]  
Con[n]acht,

“acht suidhe ar slis rígh don dara duine is ferr  
sa bruidin

ocus as misi at’ égmais-[s]i an dara duine as  
ferr astigh

ocus ar slis rígh bíad.”

nár bh áil leis teacht le slua ná fórsa ní ba mhó.

Rinne an doirseoir an fógra

agus tháinig an rí ina choinne

agus chuir fáilte roimhe.

Ghairm sé mac rí Chonnacht ar a ghualainn.

“Ní hé sin is béas dúinn,” ar seisean,

“ach go suíonn os comhair rí an dara duine is  
fearr sa bhruíon,

agus is mise id’ éagmais-se an dara duine is  
fearr istigh

agus is os comhair an rí a bheidh mé.”

and he did not wish to come with a greater  
host or multitude.

And the door-keeper made the announcement,  
and the king came to meet them,  
and welcomed them.

And the king of Leinster called the son of the  
king of Connacht to his shoulder.

“That is not the custom with us,” said the son  
of the king of Connacht,

“but that he should sit by the side of the king  
who is the second best man in the palace,

and next to thee I am the second best in the  
house,

and by the side of the king I will be.”

## Section 25

Ocus do heagrad an tech n-ólá

ocus ro chur Mongán blicht serce a n-grúadhaibh na caillige

ocus d' fhechain da tuc rígh Laighen uirre do

lín a sercc ocus a grádh é,

gu nach roibh cnáim méd n-ordlaigh de

nár lín do shercc na caillighe

ocus do gairm gilla fritheolmha cuge ocus  
adubert ris:

“Eirigh mar a fhuiil ben meic rígh Con[n]acht

ocus abair fria co ‘tuc rígh Laighen serc ocus  
grádh mór duitt

ocus curob ferr rígh ’ná ríghdhamna.’ ”

Ocus tuic Mongán ar an cogar ocus adubert re  
Cuimne:

Eagraíodh an teach óil

agus chuir Mongán briocht seirce i ngrua na  
caillí

agus d'fhéachaint dá dtug rí Laighean uirthi

líon a searc agus a grá é

ar chaoi nach raibh méid orlaigh de chnámh  
ann

nár bh lán seirce don chailleach.

Ghairm sé giolla friothálaimh chuige agus  
dúirt leis,

“Téigh mar a bhfuil bean mhic rí Chonnacht

agus abair léi go dtug rí Laighean searc agus  
grá mór di,

agus gur fearr i gcónaí rí ná rídhambna.”

Thuig Mongán an cogar agus dúirt sé le  
Cuimhne,

And the drinking-house was put in order.

And Mongan put a love-charm into the cheeks  
of the hag,

and from the look which the king of Leinster  
cast on her

he was filled with her love,

so that there was not a bone of his of the size  
of an inch,

but was filled with love of the girl.

And he called his attendant to him and said to  
him:

“Go to where the wife of the king of  
Connacht’s son is,

and say to her ‘the king of Leinster has  
bestowed great love upon thee,

and that a king is better than a king’s heir.’ ”

And Mongan understood the whispering, and  
said to Cuimne:

“Ac siud gilla ó rígh Laighen dod’ chuibhe re  
teachtaireacht cugad

ocus aithnim-si an cogar út dobeir sé

ocus da n-dernta mo chomairle,

ní bethea ac fer budh mhesa ’ná mhisi nó rígh  
Laighen.”

“Ní túgha nuachuir lem-sa,

cibé agaibh fer bías agum.”

“Mased,” ar Mongán, “mar ticsas cugad,

abair-si co tiubhartha féin aithne ar shédaibh  
ocus ar mháinibh anté do beradh grádh duit

ocus íar an corn dobeir sé cugad air.”

“Siúd giolla ó Bhrandubh le teachtaireacht  
chugat

agus aithním an cogar a bheir sé

agus dá ndéanfá mo chomhairle

ní bheifeá ag fear ba mheasa ná mise nó rí  
Laighean.”

“Is mar a chéile liom é

cibé fear agaibh bheas agam.”

“Más ea,” ar Mongán, “nuair a thiocfaidh sé  
chugat

abair thusa go n-aithneofá ar a shéada is ar a  
mhaoine an té a mbéarfadh grá duit

agus ansin iarr an corn a bheir sé chugat.”

“There is an attendant coming from the king  
of Leinster with a message to thee,

and I know the secret message which he  
brings,

and if thou wouldst take my advice,

thou wouldst not be with a worse man than  
myself or the king of Leinster.”

“I have no choice of bridegroom,

whichever of you will be husband to me.”

“If that be so,” said Mongan, “when he comes  
to thee,

say that by his gifts and precious things thou  
wilt know him who loves thee,

and ask him for the drinking-horn which he  
brings thee.”

## Section 26

Ocus táinic óclach rígh Laighen d[a] agallaim  
ocus adubert:

“Ac so corn úasal tucadh cugad.”

“Dobérmais aithne ar shétaibh ocus ar  
mháinibh anté doberadh grádh dúind.”

Ocus adbert rí Laighen risin n-gilla: “Tabair  
mo chorn dí.”

Adbert teaghlaigh rígh Laighen:

“Ná tahair do sheóid do mnái maic rígh  
Connacht.”

“Dobér,” bhar rígh Laighen,

“oir ticfaidh an ben ocus mo sheóit chugam.”

Ocus tarthaídh Mac an Daimh an corn úaithi  
ocus gacha fhúair do shétaibh co matain.

Tháinig óglach rí Laighean chun cainte léi, ag  
rá:

“Seo corn uasal a tugadh chugat.”

“D’aithneoimis ar a shéada agus ar a mhaoine  
an té a bhéarfadh grá dúinn,” arsa an  
chailleach.

Nuair a dúirt Brandubh ansin leis an ngiolla,  
“Tabhair mo chorn di,”

thosaigh teaghlaigh an rí ag rá:

“Ná tabhair do shéada do bhean mhic rí  
Chonnacht.”

“Tabharfaidh mé,” ar seisean leo,

“óir tiocfaidh an bhean agus mo shéada  
chugam.”

Agus thóg Mac an Daimh uaithi an corn  
agus gach a bhfuair sí de shéada go maidin.

And the king of Leinster’s attendant came to  
converse with her, and said:

“Here is a noble horn brought to thee.”

“We should know him who loves us by gifts  
and precious things.”

And the king of Leinster said to the attendant:  
“Give her my horn.”

But the king’s household said:

“Do not give thy treasures to the wife of the  
King of Connacht’s son.”

“I will give them,” said the king of Leinster,

“for the woman and my treasures will come to  
me.”

And Mac an Daimh takes the horn from her  
and whatever else she got of treasures till the  
morning.

## Section 27

Ocus adbert Mongán re Cuimne:

“Iar a chris ar rígh Laighen.”

Ocus as amhlaidh do bí an cris ocus ní ghabhad galar ná aingcis an tæbh tar a m-bíth

ocus do shír an cris

ocus tuc rígh Laighen an cris dí ocus beiridh Mac an Daimh a cétóir úaithi.

“Ocus abairanois re gilla rígh Laighen,

da tucadh an bith duit,

ná tréicfea t’ fher féin air.”

Ocus do indis an gilla do rígh Laighen sin  
ocus adubert rígh Laighen:

“Cad ara fhuiil bhar n-aire?”

“A fhuiil sibh astigh ort-sa?” bhur iat-sian.

Dúirt Mongán ansin le Cuimhne,

“Iarr a chrios ar rí Laighean,”

óir is amhlaidh a bhí an chrios nach ngabhfadhl galar ná tinneas an corp a chaithfeadh é.

D’iarr sí an chrios

agus ní luaithe a thug Brandubh di é ná thógl Mac an Daimh uaithi é.

“Agus abairanois le rí Laighean,

dá dtugadh sé an domhan duit

nach dtréigfeá d’fhear féin air.”

D’inis an giolla an méid sin do Bhrandubh  
agus duirt seisean,

“Cad air a bhuiil bhur n-aire?

“An bhuiil sibh istigh?” ar siad.”

And Mongan said to Cuimne:

“Ask the king of Leinster for his girdle.”

And the girdle was of such a nature that neither sickness nor trouble would seize the side on which it was.

And she demanded the girdle,

and the king of Leinster gave it her, and Mac an Daimh forthwith took it from her.

“And now say to the king of Leinster’s attendant,

if the (whole) world were given thee,

thou wouldst not leave thy own husband for him.”

And the attendant told that to the king of Leinster, who said:

“What is it you notice?”

“Are you in the house . . .?” said they.

“Is aithnidh dáib-si an ben so ar mo ghúalainn-si

.i. Dubh-Lacha Láimghel

ingin Fiachra Duibh meic Demáin.

Rugus ar ‘chairdis gan éra’ úadha hí

ocus damadh áil let-sa, do dhénaind imlaid riut.”

Ocus ro gabh ferg ocus loindes mór ocus adubert:

“Da tucaind eich ocus greagha lem,

do budh chóir a n-iaraidh oram,

ocus gidh edh

ní dlegar tigerna d’éra

fam reracha a aire,

gidh lesc lem,

“Is aithnid daoibh an bhean seo ar mo ghualainn,

mar atá Dubh Locha Láimhgheal

iníon Fhiachna Dhuibh mhic Dheamháin.

Rug mé ar ‘chairdeas gan éaradh’ ó Mhongán í

agus dá mb’áil leatsa dhéanfainn malartú leat.”

Ghlac fearg is loinneas mór Mongán agus dúirt sé,

“Dá dtugainn eich agus graí liom

b’é do cheart iad a iarraidh orm,

ach gan seo a iarraidh.

Bíodh sin mar atá, áfach,

níl sé dleathach diúltú do thiarna,

agus cé gur leisc liom é,

“You know this woman by my side,

to wit, Dubh-Lacha of the White Hands,

daughter of Fiachna Dubh son of Deman.

I took her from him on terms of ‘friendship without refusal,’

and if thou like, I would exchange with thee.”

And great anger and ferocity seized him, and he said:

“If I had brought steeds and studs with me,

it would be right to ask them of me.

However,

it is not right to refuse a lord

...,,

though I am loath it should be so,

ber-si cugad hí.”

Ocus mar dorónsat iumlaid,

tuc Mongán teóra póc don ingin ocus adubert:

“Aderadais cách nach ó chraidhe do dénmais  
an imlaidid,

munu tuaind-si na póca so.”

Ocus do ghabhadar ago co rabhadar mesca  
medharchain.

glac chugat í.”

Le linn an mhalartú

thug Mongán trí phóg don chailín agus dúirt,

“Déarfaidís cách nach ó chroí a rinneamar an  
malartú

mura dtugainn na póga seo.”

Ansin ligedar leo féin, go raibh siad meisiciúil  
meadhar-chaoin.

take her to thee.”

And as they made the exchange,

Mongan gave three kisses to the girl, and said:

“Every one would say that we did not make  
the exchange from our hearts,

if I did not give these kisses.”

And they indulged themselves until they were  
drunk and hilarious.

## Section 28

Ocus do éirigh Mac in Daimh ocus adubert:

“As mór a náire gan énduine do beradh deoch  
a láimh meic rígh Connacht.”

Ocus mar nár’ fregair duine é,

do gabh an dá each as ferr do bí ’sa dúnadh

ocus do chur Mongán lúas gáithi isna hecha

Sa deireadh d’éirigh Mac an Daimh is dúirt,

“Is mór an náire gan éinne ann a bhéarfadh  
deoch i láimh mhic rí Chonnacht,”

agus nuair nár fhreagair duine ar bith é

ghabh sé an dá each ab fhearr sa dún

agus chuir Mongán luas na gaoithe iontu.

And Mac an Daimh arose and said:

“It is a great shame that no one puts drink into  
the hand of the king of Connacht’s son.”

And as no one answered him,

he took the two best steeds that were in the  
fortress,

and Mongan put swiftness of wind into them.

ocus do chur Mongán Duibh-Lacha ar a cúlaibh

ocus do chur Mac an Doim a ben féin ocus do ghlúaisidar rompo.

Ocus mar do éirgidar arnamhárach teaghlach rígh Laighen,

atconcadar bratach na caillige

ocus an chailleach liathgharmnach ar leabaidh rígh Laighen

ocus doconnadar an madra ocus selan gadraigh 'ma brágaid

ocus doconnadar an gerrán banmaircech ocus ant shrathar arpersian (?) edaigh

ocus do bhádar an mhuindter ar gáire ocus do muscail rígh Laighen

ocus dochonnaic an chaillech láimh ris ocus adubert:

“An tú Cuimne Cúllíath an mhuilind?”

“As mé,” ar sí.

Chuaigh Dubh Locha ar cún Mhongáin

is a bhean féin ar cún Mhic an Daimh agus ghlúaiseadar leo.

An lá arna mhárach nuair a d'éirigh teaghlach rí Laighean,

chonaiceadar bratach na caillí

agus an chailleach liath ar leaba rí Laighean,

agus freisin an madra faoina shealán

agus an gearrán bán-mhairceach agus an tsrathair.

Thosaigh siad ag gáire agus mhuscail Brandubh.

Nuir a chonaic sé an chailleach lena thaoibh chuir sé ceist uirthi,

“An tú Cuimhne an mhuillinn?”

“Is mé,” ar sí.

And Mongan placed Dubh-Lacha behind him,

and Mac an Daimh his own wife, and they set forth.

And when on the morrow the household of the king of Leinster arose,

they saw the cloak of the hag,

and the grey tall hag on the bed of the king of Leinster.

And they saw the dog with a twisted halter round his neck,

and they saw the hack mare and the pack-saddle. . . .

And the people laughed and awoke the king of Leinster,

who saw the hag by his side and said:

“Art thou the grey-backed hag of the mill?”

“I am,” said she.

“Trúagh mar tharrla dam-sa cumusc riut-sa, a  
Chuimne!”

“Nach trua mar tharla dom luí leatsa, a  
Chuimhne!”

“Pity that I should have slept with thee, O  
Cuimne!”